Coimisiún na Meán

Eolas maidir le Seirbhís Meán Closamhairc Ar éileamh

Márta 2023

Clár Ábhar

‘Séard atá anseo ná achoimre ar na dualgais agus na rialacha a bhaineann le Seirbhís Meán Closamhairc Ar éileamh.

Is iad na leaganacha Béarla do na Rialacha Fógra agus na Dualgais na leaganacha oifigiúila.

1. Réamhrá

2. Fógra de Sheirbhís Meán Closamhairc Ar éileamh

3. Fógra á Thabhairt

4. Nós imeachta nuair a thugann soláthraí seirbhíse meán fógra don Choimisiún

- **4.1 Measúnú**
- **4.1.1 Sainmhíniú**
- **4.1.2 Dlínse**

5. Athruithe ar an gClár Reachtúil

1. Réamhrá

Cuireann ALT 46A den Acht Craolacháin 2009 arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 ("Acht 2009, arna leasú") oibleagáid ar Choimisiún na Meán ("an Coimisiún") clár reachtúil soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ("seirbhísí ar éileamh") atá faoi dhlínse Stát na hÉireann a bhunú agus a chothabháil.

Sa chomhthéacs sin, tugann an tAcht an t-údarás don Choimisiún rialacha a dhéanamh, agus treoirlínte a chur ar fáil, maidir leis na nithe seo a leanas :-

- An fhaisnéis a áireofar sa chlár reachtúil de sholáthraithe seirbhíse meán a oibríonn seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

- Foirm agus modh d'fhógra don Choimisiún a dhéanfaidh soláthraí seirbhíse meán a bheidh á oibriú seirbhís meán closamhairc ar éileamh i ndlínse na hÉireann.

- Na rialacha agus na treoirlínte a fhéadfaidh an Coimisiún a fhorbairt agus a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin a thugann aghaidh ar fhógra agus ar chlárú seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a chuireann soláthraithe seirbhíse meán ar fáil.

I dtaca le héifeachtúlacht an phróisis chlárúcháin agus an gá atá le clár cothrom le dáta a choinneáil, d'fhorbair an Coimisiún rialacha agus treoirlínte a mbeidh feidhm acu maidir le fógra a thabhairt faoi sheirbhísí ar éileamh agus maidir leis an gclár a bhunú agus a chothabháil. Is iad na leagancha Béarla do na rialacha agus na treoirlínte na leaganacha oifigiúla.

Sonraítear in alt 3 den doiciméad seo moltaí maidir le rialacha maidir leis an bhfaisnéis a sholáthrófar i bhfógra agus mionsonraítear moltaí do rialacha maidir le hathruithe ar an gclár reachtúil in alt 5.

Chun tacú le soláthraithe seirbhíse meán fógra a thabhairt don Choimisiún, cuirtear moltaí de threoirlínte ar fáil freisin. Baineann siad sin leis na hachair ama faoina gcaithfear fógra a thabhairt agus leis na achair ama atá i bhfeidhm chun aon athrú a dhéanamh don chlár. Leagtar amach sna moltaí treoirlínte freisin na nósanna imeachta a úsáidfidh an Coimisiún chun measúnuithe a dhéanamh ar fhógraí a fuarthas, iarratais ar athruithe ar fhaisnéis a fógraíodh agus ceartúcháin ar an gclár. Tá achoimre ar na hoibleagáidí atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le seirbhísí ar éileamh agus tá mionsonraí faoi na cinn a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm le himeacht ama.

Rinne Coimisiún na Meán na moltaí rialacha seo agus d'eisigh sé na moltaí treoirlínte seo ar an lá a bunaíodh é agus aird á tabhairt acu ar an riachtanas ar sholáthraithe seirbhíse meán fógra a thabhairt dó laistigh de thréimhse trí mhí, agus is inmhianaithe na rialacha agus na treoirlínte chun na fógraí seo a éascú. Ní raibh na moltaí rialacha ná na moltaí treoirlínte seo ina n-ábhar comhairliúcháin de bharr riachtanais. Mar sin féin, beidh páirtithe leasmhara in ann tuairim a thabhairt ar cé acu ar cheart nó nár cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha agus na treoirlínte seo nuair a théann Coimisiún na Meán i gcomhairle le linn dó a chéad ráiteas straitéise a ullmhú.

Ba cheart an doiciméad seo a léamh in éineacht le forálacha Acht 2009, arna leasú ag an seoladh fógra agus clárúcháin sin. Ba cheart é a léamh freisin in éineacht leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (2018).

2. Fógra de Sheirbhís Meán Closamhairc Ar Éileamh

Cuireann Acht 2009, arna leasú, dualgas reachtúil ar sholáthraithe seirbhísí meán a oibríonn seirbhísí meán closamhairc ar éileamh mar a shainmhínítear san Acht ("seirbhísí ar éileamh"), agus a thagann faoi dhlínse Phoblacht na hÉireann, fógra a thabhairt don Choimisiún go bhfuil na seirbhísí sin á bhfeidhmiú acu i ndlínse na hÉireann.

Sonraítear in Acht 2009, arna leasú, na hachair ama trína gcuirfidh soláthraithe seirbhíse meán in iúl don Choimisiún go bhfuil seirbhís ar éileamh á feidhmiú acu. Is iad sin: -

- Tabharfaidh soláthraithe meán atá ann cheana agus a oibríonn seirbhísí den sórt sin fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis thosach feidhme na bhforálacha maidir le fógra (15 Márta 2023). Is í an tréimhse trí mhí seo ón dáta tosaithe an 'idirthréimhse' a shonraítear in Acht 2009, arna leasú.

- I gcás seirbhísí ar éileamh a thiocfaidh i bhfeidhm i rith na hidirthréimhse, tabharfaidh soláthraithe seirbhíse meán fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse nó, más déanaí é, deireadh na 10 lá oibre ón dáta a dtiocfaidh an soláthraí faoi réir a chláraithe.

- I gcás seirbhísí ar éileamh a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis na hidirthréimhse, tabharfaidh soláthraithe seirbhíse meán fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná deireadh na 10 lá oibre tar éis don soláthraí teacht faoi réir a chláraithe.

Sonraítear in Acht 2009, arna leasú, an fhaisnéis íosta a sholáthrófar i bhfógra don Choimisiún. Ina theannta sin, d'fhéadfá an Coimisiún faisnéis a lorg maidir le nithe eile de réir mar a fhorordóidh sé mar bhreis ar threoirlínte agus rialacha dá bhforáiltear faoi alt 46H d'Acht 2009, arna leasú.

Ina theannta sin, d'fhorbair an Coimisiún foirm a chomhlánóidh soláthraithe seirbhíse meán atá ag feidhmiú ar éileamh seirbhísí agus atá faoi dhualgas reachtúil seirbhísí den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún. Beidh an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm seo, ach amháin nuair nach bhfuil sé ábhartha, i ngach fógra a thabharfar don Choimisiún.

3. Fógra á Thabhairt

Éilíonn an Coimisiún ar na soláthraithe seirbhíse meán sin fógra a thabhairt dó go bhfuil seirbhís nó seirbhísí ar éileamh á n-oibriú acu chun faisnéis shonrach a sholáthar dó. Teastaíonn sé seo ionas gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an seirbhís ar éileamh í an tseirbhís meán atá á soláthar faoi dhlínse na hÉireann agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí faoi réir clárú ag an gCoimisiún.

Tá an fhaisnéis a sholáthróidh soláthraithe seirbhíse meán nuair a bheidh fógra á thabhairt don Choimisiún mionsonraithe thíos. Maidir le fógraí don Choimisiún nach soláthraíonn an fhaisnéis seo, bíodh nuair a cuireadh isteach den chéad uair nó nuair a iarrfar faisnéis bhreise, ní fhéadfar iad a chlárú nó d'fhéadfaí go iad a chlárú ach amháin faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach in Alt 46F d'Acht 2009, arna leasú. Tá próiseas cinnteoireachta agus measúnaithe an Choimisiúin maidir le clárú sonraithe i gCuid 4.

I bhfianaise a bhfuil scríofa thuas, déanfaidh soláthraí seirbhíse meán a chuirfidh in iúl don Choimisiún go bhfuil seirbhís ar éileamh á hoibriú acu i ndlínse na hÉireann an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar :-

(a) **Ainm an tsoláthraí seirbhíse meán.** Cuirfidh soláthraí seirbhíse meán ainm na cuideachta ar léi an tseirbhís/na seirbhísí ar éileamh agus a oibríonn í ar fáil. Murab ionann an t-úinéir agus an comhlacht oibríochta, cuirfear an dá ainm ar fáil.

(b) **Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse meán** Cuirfidh an soláthraí seirbhíse meán sonraí teagmhála an úinéara agus na gcomhlachtaí oibriúcháin (nuair is ábhartha) ar fáil chomh maith le huimhir/uimhreacha clárúcháin an chomhlachta, más bainteach.

Soláthrófar sonraí teagmhála is féidir leis an **bpobal** a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le soláthraí seirbhíse meán. Ar leithligh, cuirfear sonraí teagmhála ar fáil don duine a phléifidh leis an gCoimisiún maidir leis an bpróiseas **fógartha** chomh maith leis an duine aonair a phléann le cúrsaí **comhlíonta** má tá an tseirbhís le cur san áireamh sa chlár reachtúil tar éis fógra a fháil.

I ngach cás, áireofar leis na sonraí teagmhála an uimhir fóin, an seoladh geografach, an seoladh ríomhphoist agus aon mhodh teagmhála eile. I gcás an duine/na ndaoine a bheidh ag plé leis an gCoimisiún ar fhógra agus ar chomhlíonadh, cuirfear an t-ainm agus na sonraí teagmhála **díreacha** ar fáil, lena n-áirítear an uimhir/na huimhreacha teileafóin, an seoladh geografach agus an seoladh ríomhphoist.

(c) **Ainm gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a chuireann an soláthraí ar fáil** Déanfar ainm trádála na seirbhíse/na seirbhísí ar éileamh atá/a bheidh á-úsáid le haghaidh bolscaireachta agus brandáil don phobal a sholáthar do gach seirbhís.

(d) **I ngach cás, cur síos ar nádúr na seirbhíse agus nádúr an ábhair a chuireann an tseirbhís ar fáil**

Nádúr na Seirbhíse: Déanfar cur síos gairid ar nádúr na seirbhíse a sholáthar, lena n-áirítear cibé an soláthraíonn an tseirbhís ábhar bunaidh, an soláthraíonn sí saoráid chun casadh ar dhaoine, seirbhísí cartlainne nó seirbhísí eile. Sa chás go soláthraíonn an tseirbhís meascán den mhéid thuas, beidh mionsonraí faoi gach cineál seirbhíse. Cuirfear faisnéis ar fáil freisin maidir leis an tsamhail mhaoinithe i.e. an seirbhís thrasghníomhaíochta , síntiús, seirbhís atá maoinithe ag fógróirí nó samhail mhaoinithe eile í.

I gcás seirbhíse saoramhairc, beidh mionsonraí faoin samhail mhaoinithe e.g., tá an tseirbhís saor in aisce, ach maoinithe ag fógróirí.[1]

Ar leithligh, soláthrófar faisnéis faoin spriocghrúpa don tseirbhís, lena n-áirítear cibé acu an pobal na hÉireann nó dream eile an sprioc-lucht féachana/éisteachta. Más in áiteanna eile, déanfar na dlínsí eile arb iad an sprioc-lucht féachana/éisteachta iad a liostú, lena n-áirítear faisnéis faoi cibé an bhfuil príomhghrúpa mar sprioc-lucht féachana/éisteachta i ndlínse eile agus an bhfuil an dlínse ina ball den Aontas Eorpach nó lasmuigh den AE.

Ar deireadh, soláthrófar faisnéis maidir leis na bealaí éagsúla ar féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar an tseirbhís ar éileamh e.g. trí aipeanna, ar líne, boscaí bairr (lena n-áirítear iad siúd atá faoi rialú díreach an tsoláthraí seirbhíse meán). Ba cheart sonraí ar leith a chur ar fáil.

Nádúr an Ábhair Curtha ar Fáil: Déanfar cur síos gairid ar nádúr na seirbhíse a chur ar fáil. Áirítear leis seo seánra an chláir/na gclár a chuirtear ar fáil, an t-aoisghrúpa/na haoiseanna a bhfuil an t-ábhar dírithe orthu, agus faisnéis eile a mheasann soláthraí seirbhíse meán a bheith ábhartha.

Má chuimsítear ábhar sa tseirbhís ar éileamh, ina hiomláine nó go páirteach, a bhfuil féidearthacht intuartha aige dochar a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí (iad siúd faoi bhun 18 mbliana d'aois), soláthrófar faisnéis faoin gcaoi a gcosnófar na luchtanna féachana/éisteachta sin e.g., úsáid uimhreacha PIN, córais rangaithe srl a úsáid.

(e) **Soláthrófar ráiteas faoin mbonn ar a measann soláthraí seirbhíse meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit** (féach Cuid 4 le haghaidh tuilleadh sonraí). Tá an ráiteas seo ag teastáil ionas gur féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh an dtagann an tseirbhís faoi dhlínse na hÉireann nó nach dtagann.

4 Nósanna Imeachta Measúnaithe agus Cinnteoireachta

I dtaca le forálacha Acht 2009, arna leasú, ar fhógra a fháil, d'fhéadfá an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse meán chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomh atá le déanamh. Nuair a iarrfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise, déanfaidh sé amhlaidh trí fhógra a thabhairt agus i gcomhréir le hAlt 2D d'Acht 2009, arna leasú. Beidh 10 lá oibre ag soláthraithe seirbhíse meán freagra a thabhairt ar fhógraí ón gCoimisiún atá á lorg faisnéis bhreise. Tar éis dó an fhaisnéis riachtanach go léir a fháil, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis agus ar an gcáipéisíocht a chuirtear ar fáil agus cinnfidh sé an bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin agus, má mheasann sé go bhfuil sé amhlaidh, cuirfidh sé an soláthraí seirbhíse meán san áireamh ar a chlár mar aon le sonraí ábhartha faoin tseirbhís nó na seirbhísí ar éileamh a chuirtear ar fáil.

Nuair a bheidh an cinneadh seo déanta, tabharfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas don soláthraí seirbhíse meán :-

- Ráiteas i scríbhinn faoi aon chinneadh a rinne sé maidir le cibé an bhfuil an soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin nó nach bhfuil agus, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta aige nach bhfuil sé faoi réir clárúcháin, ráiteas i scríbhinn faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh seo.

[1]Seirbhís saoramhairc le seirbhís atá maoinithe ag ceadúnas teilifíse nó meicníocht chosúil a áireamh.

- I gcás soláthraí seirbhíse meán atá faoi réir clárúcháin, cóip den iontráil atá le cur ar an gclár reachtúil.

4.1. Measúnú

Agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a chur ar an gclár, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an bhfógra a chuirfear ar fáil dó ag féachaint do na nithe seo a leanas :-

- Cé acu an dtagann nó nach dtagann an tseirbhís atá le soláthar faoin **sainmhíniú ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh** mar atá leagtha amach in Acht 2009, arna leasú.

- Cé acu an dtagann nó nach dtagann an tseirbhís atá le soláthar faoin **dhlínse Phoblacht na hÉireann** i dtaca leis na critéir atá leagtha amach in Acht 2009, arna leasú.

Beidh an Coimisiún sásta go gcomhlíonann an tseirbhís an sainmhíniú ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh agus go dtagann sí faoi dhlínse an Stáit sula n-áireofar seirbhís na meán ar an gclár reachtúil.

4.1.1 Sainmhínithe

I gCuid 1(2) d'Acht 2009, arna leasú, leagtar amach sainmhínithe atá cuí maidir leis an measúnú ag an gCoimisiún i dtaobh an gcuirfear an tseirbhís a fógraíodh dó ar an gclár reachtúil san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún tagairt do na sainmhínithe seo agus cinneadh á dhéanamh aige maidir leis na seirbhísí a chur ar an gclár reachtúil nó gan iad a chur san áireamh.

Is iad seo a leanas na sainmhínithe :-

Sainmhíníonn Acht 2009, arna leasú, **seirbhís meán closamhairc** ar an mbealach seo a leanas :-

- *Ciallaíonn "seirbhís meán closamhairc" seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás ina bhfuil —*

  (a) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse dírithe ar, nó

  (b) tá an príomhchuspóir de chuid in-dhícheangailte den tseirbhís dírithe ar,

  cláir chlosamhairc a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil.

Sainmhíníonn Acht 2009, arna leasú, **seirbhís meán closamhairc ar éileamh** ar an mbealach seo a leanas :-

- *Ciallaíonn 'seirbhís meán closamhairc ar éileamh' seirbhís meán closamhairc a sholáthraítear le go bhféachfar ar chláir i láthair na huaire arna roghnú ag an úsáideoir agus arna iarraidh sin don úsáideoir ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag soláthraí na seirbhíse.*

Sainmhíníonn Acht 2009, arna leasú, **clár closamhairc** ar an mbealach seo a leanas :-

- *Ciallaíonn 'clár closamhairc' sraith íomhánna gluaiste, bíodh fuaim leo nó na bíodh, arb ionann é, i gcás seirbhíse meán closamhairc, mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal cláir nó de chatalóg.*

Sainmhíníonn Acht 2009, arna leasú, **freagracht eagarthóireachta** ar an mbealach seo a leanas :-

- *Ciallaíonn "freagracht eagarthóireachta ", i ndáil le cláir a sholáthar, rialú éifeachtach-*

  (a) ar na cláir roghnúcháin, agus

  (b) ar a leagan amach i sceideal clár nó i gcatalóg;

4.1.2 Dlínse

I gCuid 1(2A) d'Acht 2009, arna leasú, leagtar amach freisin na critéir dlínse a úsáidfidh an Coimisiún agus é á bhreithniú an dtagann seirbhís meán faoi dhlínse Phoblacht na hÉireann. Úsáidfidh an Coimisiún na critéir seo agus measúnú á dhéanamh aige ar cheart an tseirbhís a fógraíodh dó ar an gclár reachtúil a chur san áireamh.

Sonraítear an méid seo a leanas i gCuid 1 (2A):-

(1) *Chun críche an Achta seo, déanfar an cheist i dtaobh soláthraí seirbhíse meán a bheith faoi dhlínse an Stáit (nó Ballstáit eile) a chinneadh de réir an ailt seo.*

(2) *Tá soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse Ballstáit más rud é go bhfuil sé ag teacht faoi fho-alt (5) go bhfuil sé bunaithe sa stát sin.*

(3) *Mura bhfuil soláthraí seirbhíse meán bunaithe, faoi fho-alt (5), i mBallstát, ansin tá an soláthraí faoi dhlínse Ballstáit más rud é —*

(a) úsáideann sí satailít uasnaisc agus atá suite sa stát sin, nó

(b) úsáideann sé toilleadh satailíte a bhaineann leis an stát sin.

(4) *Mura gcinneann fo-ailt (2) agus (3) an cheist i ndáil le soláthraí seirbhíse meán, ansin tá an soláthraí faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe de réir bhrí Airteagail 49 go 55 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.*

(5) *Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le soláthraí seirbhíse meán chun críocha fho-ailt (2) agus (3):*

(a) más rud é go bhfuil a phríomhoifig i mBallstát ag an soláthraí, agus go ndéantar na cinntí ábhartha eagarthóireachta sa Bhallstát céanna, is sa Bhallstát sin atá an soláthraí bunaithe;

(b) más rud é go bhfuil a phríomhoifig i mBallstát ag an soláthraí, agus go ndéantar na cinntí ábhartha eagarthóireachta i mBallstát eile, ansin-

(i) i gcás ina bhfeidhmíonn cuid shuntasach den lucht saothair atá i mbun na ngníomhaíochtaí clárbhainteacha seirbhíse meán closamhairc ina bhfuil a phríomhoifig ag an soláthraí, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin,

(ii) más rud é nach bhfuil feidhm ag fomhír (i) ach go bhfuil cuid shuntasach den lucht saothair atá i mbun na ngníomhaíochtaí clárbhainteacha seirbhíse meán closamhairc ina ndéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin,

(iii) mura bhfuil feidhm ag fomhír (i) ná ag fomhír (ii), tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát inar thosaigh sé ar a ghníomhaíocht den chéad uair i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin, ar choinníoll go gcoinníonn sé nasc cobhsaí agus éifeachtach le geilleagar an Bhallstáit sin;

(c) *más rud é nach ionann an áit a bhfuil a phríomhoifig ag an soláthraí agus an áit a ndéantar na cinntí ábhartha eagarthóireachta, agus nach bhfuil ach ceann amháin acu i mBallstát, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin, ar choinníoll go bhfeidhmíonn cuid shuntasach den lucht saothair a bhfuil baint aige le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc sa Bhallstát sin.*

(6) *San alt seo –*

ciallaíonn "gníomhaíocht sheirbhíse meán closamhairc" gníomhaíocht a bhaineann leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann sé leis;

Ciallaíonn 'cinntí eagarthóireachta ábhartha' cinntí eagarthóireachta maidir le seirbhís meán closamhairc lena mbaineann sé leis.

I dtaca leis An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, sainmhínítear, **'Cinntí eagarthóireachta'** mar chinneadh a ghlactar ar bhonn rialta chun freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú agus atá nasctha le hoibriú laethúil na seirbhíse meán closamhairc

Nuair a fheictear don Choimisiún gur mhainnigh seirbhís ar éileamh fógra a thabhairt dó nó faisnéis bhreise a sholáthar de réir mar a cheanglaítear, d'fhéadfadh sé an soláthraí a threorú le fógra i scríbhinn aon ghníomh a bheidh luaite san fhógra a dhéanamh chun an t-alt sin nó an t-iarratas sin a chomhlíonadh. Tá tuilleadh faisnéise ina leith seo leagtha amach in Alt 46F d'Acht 2009, arna leasú.

5. Athruithe ar an gClár Reachtúil

Pléann ALT 46C d'Acht 2009, arna leasú, le dualgais ar sholáthraithe seirbhíse meán atá ar áireamh sa chlár reachtúil fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil chun críocha clárúcháin. Ina thaobh seo, tá an méid seo a leanas ag teastáil :-

- Tabharfar fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre ón dáta ar tharla an t-athrú.
- Agus an fógra seo á dhéanamh aige, sainaithneoidh soláthraí seirbhíse meán go soiléir cén fhaisnéis lena mbaineann an t-athrú agus mionsonraí an athraithe sin.
- Cuirfear athruithe ar an bhfaisnéis seo a leanas in iúl don Choimisiún :-
  - Ainm an tsoláthraí seirbhíse meán.
  - Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse meán.
  - Ainm gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a chuireann an soláthraí ar fáil.
  - I ngach cás, tuairisc ar nádúr na seirbhíse agus ar nádúr an ábhair a chuireann an tseirbhís ar fáil.

- Soláthrófar ráiteas faoin mbonn ar a measann soláthraí seirbhíse meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit

D'fhéadfá soláthraithe seirbhíse meán faisnéis nua a sholáthar de réir mar is gá agus nach bhfuil san áireamh sa liosta faisnéise atá leagtha amach thuas.

D'fhéadfadh an Coimisiún faisnéis bhreise a lorg nuair a fhaightear fógra faoi athrú. Déanfaidh sé amhlaidh i dtaca leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt atá leagtha síos in alt 2D d'Acht 2009, arna leasú. Beidh 10 lá oibre ag soláthraithe seirbhíse meán chun freagra a thabhairt ar fhógraí ón gCoimisiún atá á lorg faisnéis bhreise. Tar éis an fhaisnéis riachtanach go léir a fháil, leasóidh an Coimisiún an clár a luaithe is indéanta agus soláthróidh sé cóip d'aon leasú a rinneadh ar an gclár don soláthraí seirbhíse meán.

Ar leithligh agus i dtaca le hAlt 46E d'Acht 2009, arna leasú, d'fhéadfá an Coimisiún, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár reachtúil, an clár a cheartú. Sula gceartóidh an Coimisiún an clár déanfaidh sé mar a leanas :-

- Dul i gcomhairle le soláthraí seirbhíse meán más indéanta amhlaidh a dhéanamh.
- Tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an soláthraí trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta um fhógra atá leagtha amach in alt 2D d'Acht 2009 arna leasú.
- Beidh 10 lá oibre ag soláthraithe seirbhíse meán freagra a thabhairt ar fhógraí ón gCoimisiún atá á lorg faisnéis bhreise.
- Tabharfaidh an Coimisiún ráiteas i scríbhinn don soláthraí seirbhíse meán maidir le haon leasú a dhéanann sé ar an gclár.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil athrú ar aon fhaisnéis arna soláthar ag soláthraí seirbhíse meán tar éis an fógra a chur isteach ach sula gcuirfear an soláthraí isteach sa chlár reachtúil, cuirfidh soláthraí seirbhíse meán faisnéis faoin athrú/faoi na hathruithe ar fáil don Choimisiún.